Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**8467/22**

**TRANS 242**
**RELEX 529**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Úcráin chun Comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le hiompar earraí de bhóthar |

**CINNEADH (AE) 2022/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Úcráin chun Comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le hiompar earraí de bhóthar**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn Comhaontú a thabhairt i gcrích leis an Úcráin maidir le hiompar earraí de bhóthar ('an Comhaontú'), chun tionchar an fhogha mhíleata a thug an Rúis gan chúis gan údar faoin Úcráin ar oibríochtaí iompair a mhaolú.

(2) I bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla agus uathúla a thugann gur gá an Comhaontú a chaibidil, agus i gcomhréir leis na Conarthaí, is iomchuí don Aontas an inniúlacht roinnte ábhartha atá tugtha dó sna Conarthaí a fheidhmiú go sealadach. Ba cheart aon éifeacht de chuid an Chinnidh seo, áfach, ar roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Níor cheart, dá bhrí sin, an inniúlacht arna feidhmiú ag an Aontas ar bhonn an Chinnidh seo agus an Comhaontú atá le caibidil faoin inniúlacht sin a fheidhmiú ach amháin i ndáil le tréimhse chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Dá réir sin, scoirfidh an inniúlacht roinnte a fheidhmítear ar an gcaoi sin de bheith á feidhmiú ag an Aontas a luaithe a scoirfidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige. Gan dochar do bhearta eile de chuid an Aontais, agus faoi réir chomhlíonadh bhearta an Aontais sin, déanfaidh na Ballstáit an inniúlacht sin a fheidhmiú arís, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Chomhaontú ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i ndiaidh an dáta sin. Thairis sin, meabhraítear, mar a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 25 maidir le hinniúlacht chomhroinnte, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, nach gcumhdaítear le raon feidhme fheidhmiú inniúlacht an Aontais sa Chinneadh seo ach na heilimintí a rialaítear leis an gCinneadh seo agus nach gcumhdaítear an réimse go léir leis. Ní dochar feidhmiú inniúlacht an Aontais leis an gCinneadh seo d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i ndáil le haon chaibidlíocht atá ar siúl nó a dhéanfar amach anseo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a shíniú nó a thabhairt i gcrích le haon tríú tír eile sa réimse sin.

(3) Ba cheart an Coimisiún a ainmniú ina idirbheartaí.

(4) Ba cheart don Choimisiún an chaibidlíocht a dhéanamh i ndlúthchomhar leis an Meitheal um Iompar de Thalamh de chuid na Comhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, chun Comhaontú a thabhairt i gcrích leis an Úcráin maidir le hiompar earraí de bhóthar ('an Comhaontú').

*Airteagal 2*

1. Beidh feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Chinnidh seo agus an Comhaontú a bheidh ann amach anseo teoranta do thréimhse chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Gan dochar do bhearta eile de chuid an Aontais agus faoi réir chomhlíonadh bhearta an Aontais sin, tar éis dheireadh na tréimhse chur i bhfeidhm sin, scoirfidh an tAontas den inniúlacht sin a fheidhmiú agus déanfaidh na Ballstáit a n-inniúlacht a fheidhmiú arís i gcomhréir le hAirteagal 2(2) CFAE.

2. Ní dochar feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Chinnidh seo d'inniúlacht na mBallstát in aon chaibidlíocht, síniú nó tabhairt i gcrích atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le hiompar earraí de bhóthar le haon tríú tír eile, agus leis an Úcráin i leith na tréimhse ar dá héis a scoirfidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige.

3. Ní chumhdaítear le feidhmiú inniúlacht an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ach na heilimintí a rialaítear leis an gCinneadh seo agus na treoracha caibidlíochta.

4. Ní dochar an Cinneadh seo d’inniúlachtaí na mBallstát agus an Aontais faoi seach i réimse an iompair earraí de bhóthar maidir leis na heilimintí seachas na heilimintí sin a rialaítear leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo. D’fhéadfaí athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na treoracha caibidlíochta sin faoi mar is iomchuí ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.

*Airteagal 4*

Déanfar an chaibidlíocht i ndlúthchomhar leis an Meitheal um Iompar de Thalamh de chuid na Comhairle, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*